# BEARTAS UM
# MÍ-ÚSÁID ALCÓIL AGUS SUBSTAINTÍ

**Leagan: 1**

**An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁCDL é: 10/10/2022**

**An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁCDL é: 17/10/2022**

**Síniú: ____________________________ (POF)**

**Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOO☐L**

**Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOO☐L: Tá: ☐ Níl:**

**Dáta athbhreithnithe: 17/10/2024**

| | |
|---|---|
| Uimh. an Bheartais: PL/046 | Uimhir an Leagain: 1 |
| Leaganacha roimhe seo: N/B | Le hÉifeacht ón: 17/10/2022 |
| Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 17/10/2022 | Dáta an Athbhreithnithe: 17/10/2024 |

# BEARTAS UM MÍ-ÚSÁID ALCÓIL AGUS SUBSTAINTÍ

**Réamhrá agus Scóip**

1. TáBord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) tiomanta do chinntiú go soláthraíonn agus go gcoimeádann sé ionad oibre sláintiúil agus sábháilte dá fhoireann agus do pháirtithe leasmhara eile.

   Aithníonn an BOO an drochthionchar atá ag mí-úsáid alcóil, drugaí agus substaintí ar shláinte agus ar fholláine na foirne agus an drochthionchar atá aige ar fheidhmíocht oibre agus iompar na foirne.

2. Tá freagracht ar fhoireann BOOÁCDL as a chinntiú go bhfuil siad in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach agus go sábháilte. Is féidir le hól alcóil agus/nó mí-úsáid substaintí dochar a dhéanamh d'fheidhmíocht, do bhreithiúnas agus d'aird daoine. Is féidir leis sábháilteacht nó cúram na n-úsáideoirí seirbhíse agus baill eile den fhoireann a chur i mbaol. Is féidir leis cur isteach freisin ar mhuinín na n-úsáideoirí seirbhíse agus baill foirne eile, agus dochar a dhéanamh do chlú an BOO.

3. Tá Bainisteoirí BOOÁCDL freagrach as caighdeáin iompair agus feidhmíochta a leagan síos agus as gníomh cuí a dhéanamh nuair a thagann deacracht chun cinn.

4. Baineann an polasaí seo le gach ball foirne de chuid an BOOÁCDL agus tá sé deartha chun:

   (a) Spreagadh a thabhairt do bhaill foirne a bhfuil fadhb mí-úsáide alcóil agus/nó substaintí acu cabhair a lorg chun dul i ngleic leis an bhfadhb,

   (b) Na hiarmhairtí araíonachta mura gcomhlíontar na rialacha maidir le mí-úsáid alcóil, drugaí nó substaintí a mhíniú don fhoireann.

5. Tá dhá chur chuige i gceist leis an mbeartas:

   (i) Cúnamh rúnda réasúnta a chur ar fáil do bhall foirne a bhfuil fadhb mí-úsáide alcóil nó drugaí acu agus atá toilteanach comhoibriú chun cóir leighis a chur ar an bhfadhb sin.

   (ii) Ag teacht le comhthéacs an bheartais/na gcód atá ag an BOO, gnásanna ceartaitheacha a úsáid nuair a chuireann úsáid alcóil nó drugaí isteach ar fheidhmíocht nó ar iompar ag an

obair, agus (a) nuair nach bhfuil fadhb spleáchais alcóil nó drugaí ann nó (b) nuair nach féidir cóireáil a dhéanamh, nó nár éirigh leis.

**Cuspóir**

6. Is é cuspóir an bheartais seo ná baill foirne a bhfuil fadhbanna mí-úsáide substaintí nó alcóil acu a spreagadh chun cabhair a lorg chomh luath agus is féidir. Cúnamh cuí a chur ar fáil ar bhealach tuisceanach agus rúnda do bhaill foirne a mbíonn fadhbanna acu le mí-úsáid alcóil agus substaintí.
7. A chur ar chumas bainisteoirí déileáil go héifeachtach le mí-úsáid substaintí agus fadhbanna a bhaineann le halcól san ionad oibre ar mhaithe le sláinte, sábháilteacht agus leas, chun caighdeáin sásúla d'iompar agus feidhmíocht oibre a choinneáil.
8. A aibhsiú go bhféadfadh cásanna ar leith de mhí-úsáid alcóil agus/nó substaintí a bheith ina ábhar araíonachta fós, nuair a bhíonn an fhoireann á hiompar féin ar bhealach atá contrártha le caighdeáin sábháilteachta agus iompair. Ag brath ar thromchúis na gcúinsí, féadfar é a mheas mar mhí-iompar tromchúiseach.

**Cúnamh do Bhall Foirne**

1. Nuair is féidir, cuirfidh BOOÁCDL an cúnamh seo a leanas ar fáil do bhall foirne:
   - Cabhrú leis an mball foirne an cineál faidhbe a aithint, trí atreorú a dhéanamh chuig a sholáthraí seirbhíse Sláinte Cheirde.
   - Tacaíocht le linn tréimhse cóireála. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo, tréimhse saoire breoiteachta nó leanúint i bpost nó aistriú go hobair eile, ag brath ar cad is cuí ó thaobh riocht an bhaill foirne agus riachtanais an BOO.
   - An deis fanacht nó filleadh ar an obair tar éis cúrsa cóireála a chríochnú, chomh fada agus is féidir, i bpost an bhaill foirne féin nó i bpost eile.
2. Braithfidh cúnamh an BOO ar na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:
   - Déanann soláthraí na Seirbhíse Sláinte Ceirde fáthmheas ar fhadhb a bhaineann le spleáchas alcóil nó drugaí.

- Aithníonn an ball foirne go bhfuil fadhb mí-úsáide alcóil nó drugaí aige/aici agus tá sé/sí sásta comhoibriú go hiomlán maidir le hatreorú agus cóireáil ó fhoinsí cuí.

3. Caithfidh an BOO agus a chuid fostaithe na teorainneacha seo a leanas a aithint maidir leis an gcúnamh is féidir leis an BOO a chur ar fáil:

   - Sa chás go dteipeann ar bhall foirne comhoibriú i socruithe atreoraithe nó cóireála, déileálfar le haon chliseadh i bhfeidhmíocht oibre agus iompar tríd an nós imeachta araíonachta.

   - Má chuirtear an próiseas atreoraithe agus cóireála i gcrích ach mura n-éiríonn leis, agus má theipeann ar fheidhmíocht oibre nó iompar, déileálfar leis seo tríd an nós imeachta araíonachta.

   - Le linn nó tar éis cóireála, braithfidh leanúint an bhaill foirne ina p(h)ost nó post eile, ar riachtanais an BOO ag an am sin.

**Gníomh Araíonachta**

1. Má thagann ball foirne i láthair san ionad oibre, agus má tá forais réasúnacha ag an mbainistíocht a chreidiúint go bhféadfadh siad a bheith faoi thionchar alcóil agus/nó drugaí, níor cheart cead a thabhairt dó/di fanacht san ionad oibre. Féadfaidh sé gur mhian le bainisteoir líne dul i gcomhairle le bainisteoir sinsearach/comhghleacaí sula ndéanann siad an beart seo. D’fhéadfadh go mbeadh gá ann iompar abhaile a sholáthar don duine chun a sábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile a chinntiú.

2. Breathnófar ar aon seilbh, úsáid nó dáileadh drugaí aindleathacha san ionad oibre mar mhí-iompar tromchúiseach, agus tuairisceofar don bhainistíocht shinsearach é le haghaidh tuilleadh bainistíochta.

3. I gcomhréir le rialacha araíonachta an BOO, measfar na nithe seo a leanas mar mhí-iompar tromchúiseach:

   - Freastal ar obair agus/nó dualgais a chomhlíonadh faoi thionchar alcóil nó drugaí.
   - Úsáid alcóil nó drugaí agus tú ar dualgas (ach amháin nuair atá sé ordaithe ar oideas).

   Mar thoradh ar shárú na rialacha seo, de ghnáth tarlaíonn sé go mbeidh gníomh araíonachta ann a théann chomh fada le dífhostú.

I gcás ina dtarlaíonn sárú ar na rialacha seo, ach go suitear go bhfuil fadhb ann a bhaineann le mí-úsáid alcóil nó drugaí, agus go bhfuil an ball foirne toilteanach comhoibriú maidir le atreorú agus cóireáil chuí, cuirfidh an BOO feidhmiú an nóis imeachta araíonachta ar fionraí agus cuirfear cúnamh ar fáil mar atá leagtha amach thuas.  Cuirfear an nós imeachta araíonachta i bhfeidhm ar bhaill foirne nach gcomhlíonann leis an gcóireáil a mholtar, nó a leanann ar aghaidh ag baint mí-úsáide as alcól nó drugaí.

**AGUISÍN 1**

**Comharthaí den Mhí-Úsáid Alcóil agus/nó Substaintí**

Ní mór a aibhsiú nach gá go léiríonn na comharthaí thíos go bhfuil mí-úsáid ann.
Cé gur comharthaí aitheanta iad seo, d'fhéadfadh siad a bheith ina n-airíonna de riochtaí eile nach mbaineann le mí-úsáid freisin.

Ní léiríonn gach mí-úsáideoir alcóil nó substaintí na hiompraíochtaí seo uile.

1. Meath ar fheidhmíocht oibre.
2. Moille go minic, neamhláithreacht arís agus arís eile ar chúiseanna fánacha nó easnamhacha – go háirithe ar phatrúin Dé hAoine/Dé Luain.
3. Athruithe giúmair, cantal, spadántacht, aird nó cuimhne laghdaithe.
4. Sothugthacht i leith tionóiscí, minicíocht mhéadaithe ar bhotúin nó earráidí breithiúnais.
5. Meath ar chaidrimh le hoibrithe eile, ag fáil airgid ar iasacht.
6. Creathanna láimhe, ag slogadh na bhfocal, luisne san aghaidh, sramaí ar shúile, droch-chúram agus drochshláinteachas pearsanta.
7. Boladh alcóil, buidéil thart ar an limistéar oibre.
8. Cionta tiomána a bhaineann le halcól/drugaí, nó ciontuithe eile a bhaineann leo.

**Ról an fhostaí**

- Chun eolas a fháil ar alcól/drugaí agus a n-éifeacht ar obair agus ar shláinte.
- Chun aon cheilt nó claonpháirteachas le comhghleacaithe a sheachaint.
- Spreagadh a thabhairt do chomhghleacaithe cabhair a lorg má bhíonn fadhb acu le hólachán/drugaí.
- Cabhair a lorg, má tá imní orthu faoina n-ólachán/úsáid drugaí féin, ó Shláinte Cheirde, Acmhainní Daonna, nó gníomhaireacht sheachtrach.
- A bheith eolach ar an mbeartas agus nósanna imeachta um Mí-Úsáid Alcóil agus Substaintí.
- Alcól agus cógais ordaithe a úsáid go ciallmhar.

**Ról an Bhainisteora Líne**

- Le caighdeáin chuí a leagan síos agus chinntiú.
- A bheith eolach ar an mbeartas agus nósanna imeachta um Mí-Úsáid Alcóil agus Substaintí.
- Chun cabhrú an fhoireann a chur ar an eolas faoin mbeartas
- Comhairle a thabhairt don fhoireann maidir lena gcearta agus a bhfreagrachtaí faoin mbeartas.
- A bheith san airdeall agus monatóireacht a dhéanamh ar athruithe i bhfeidhmíocht oibre agus tinreamh, patrúin tinnis agus timpistí.
- Chun cabhrú leis an bhfostaí ag an obair agus cúnamh/tacaíocht a thabhairt le hathshlánúchán.
- Ball foirne a spreagadh chun cabhair a lorg go deonach.
- Gan bearta araíonachta a úsáid ach amháin nuair is cuí sin a dhéanamh.
- Aon ghnéithe de chúrsaí oibre a d'fhéadfadh cur le mí-úsáid alcóil/substaintí a aithint agus iad a athrú más cuí.
- Idirghabháil a dhéanamh go luath nuair a bhíonn comharthaí ar fhadhbanna ann.
- Machnamh a dhéanamh ar Chomhaontú Téarnaimh agus Filleadh ar an Obair a ghlacadh.

**Ról na Rannóige Acmhainní Daonna**

- Comhairle agus cúnamh a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm an bheartais.
- Foireann a atreorú go rúnda le haghaidh cúnaimh nuair is cuí.
- Comhairle a thabhairt maidir leis an nós imeachta araíonachta, más oiriúnach nó eile atá ann.

**Ról na gCeardchumann**

- Fostaithe a spreagadh chun cabhair a lorg go deonach.
- Comhairle a thabhairt do bhaill maidir lena gcearta agus a bhfreagrachtaí faoin mbeartas.
- Chun cabhrú leis an bhfostaí ag an obair agus cuidiú le hathshlánúchán.

**Ról na Seirbhíse Sláinte Ceirde**

- Comhairle agus treoir a sholáthar maidir leis an mbealach is fearr chun cabhrú le duine aonair a bhfuil fadhb acu le hiompraíocht nó le feidhmíocht oibre a d'fhéadfadh a bheith bainteach le mí-úsáid alcóil/substaintí.
- Oideachas agus feasacht a ardú ar na rioscaí a bhaineann le húsáid alcóil agus drugaí, agus na himpleachtaí a ghabhann leo.

**AGUISÍN 3**

**Teagmhálaithe Úsáideacha**
Seo thíos liosta ainmneacha agus seoltaí/uimhreacha gutháin na n-eagraíochtaí atá in ann cúnamh agus comhairle a thabhairt do bhaill foirne a bhfuil fadhbanna a bhaineann le halcól agus/nó drugaí acu.

| | | |
|---|---|---|
| Alcólaigh gan Ainm | Fón: | 01-8420700 |
| | Ríomhphost: | gso@alcoholicsanonymous.ie |
| Aiséirí | Ríomhphost: | info@aiseiri.ie |
| An Chathair, Co. Thiobraid Árann | Fón: | 052 7441166 |
| Baile an Róistigh, Co. Loch Garman | Fón: | 053 9141818 |
| An Baile Beag, Port Láirge | Fón: | 051 370007 |
| Baile Ghearóid, Co Chill Chainnigh | Fón: | 056 8833777 |
| One Step Clinic | Fón: | 01 699 1369 |
| | Ríomhphost: | info@onestepclinic.ie |

*Tá seirbhísí andúile ar fáil ag:*

- ✓ Tionscadal Drugaí Anna Liffey, 13 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, 8786899
- ✓ Ionad Cóireála Theach an Arbhair, Ospidéal Naomh Fionnbarra, Corcaigh, 021-968933
- ✓ Grúpa Aisling agus Fondúireacht Bradán, Dústún, An Uaimh, An Mhí, 046-75979
- ✓ Coaim, Teach Nelson Mandela, 44 Sráid Ghairdinéir Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, 8338033
- ✓ Teach Chúil Mhín, 19 Sráid an Tiarna Éadbhard, Baile Átha Cliath 2, 6794822
- ✓ Ionaid Chuan Mhuire, Baile an Chairdínigh, Baile Átha Í, Cill Dara, 0507-31493
- ✓ Bord an Ionaid Cóireála Drugaí, Cúirt na Tríonóide, 30-31 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2, 6771122

- ✓ Ionad Hanly, An Eachlann, Ascaill Eblana, Dún Laoghaire, Baile Átha Cliath, 2809795
- ✓ Tionscadal Ché na gCeannaithe, Baile Átha Cliath 8, 6790044
- ✓ Ionad Rutland, Teach Chnoc Lín, Bóthar Chnoc Lín, Baile Átha Cliath 16 - ionad cóireála cónaithe príobháideach, 4946358